

Tá na héanlaith ar a socúl i dtólamh. Níl oilbhéas ná gangaid, ag suathadh an aoibhnis, ná ag lúbadh an tsonais astu. Is beag a ndóthain. An saol daonna thart orthu dá threascairt féin le amplacht a mbíonn díbheirg agus fuath ag seadú agus ag deargadh ann. Níl de thoradh ar sin ach rabharta dúr an chantail agus duifean léanmhar croí. Scaoil amach mo inchinn bhuartha go bhfaighidh sí fuarú agus suaimehneas i measc ceol na n-éan ar



Comhar Creidmheasa

Comhar Creidmheasa is ea grúpa daoine a shábháileann airgead le chéile ionas gur féidir iasachtaí airgid a thabhairt i gcóir riachtanaisí torthúla ar rátaí úis réasúnach.

Is ar bhunphrionsabail na féin-chabhrach atá gluaiseacht na gComhar Creidmheasa bunaithe agus is é atá i gceist go príomhda ná:

- (i) Cothú coigiltis i measc daoine;
- (ii) Cruthú creidmheasa dhá chéile;
- (iii) Cothú leas an phobail.

Tá gluaiseacht an Chomhar Chreidmheasa ar bun san tír seo ó 1958, nuair a tosaíodh le ballraíocht de 200 duine agus scairshealbhaíocht de £415. Sa lá atá inniu ann tá 699,000 duine agus scairshealbhaíocht de £329 milliún i 477 craobh ar fud na hÉireann.

Sa bhFómhar seo caite bunaíodh grúpa staidéir atá ionadaíoch don cheantar ón Spidéal go Ros a' Mhíl le foghlaim faoin ngluaiseacht agus breathnú isteach 'sna féidearthachtaí maidir le bunú craoibhe sa gceantar. Tá ós cionn scór duine ar an ngrúpa seo a thagann le chéile i Scoil Náisiúnta Shailearna an Chnoic gach seachtain ó shoin i leith.

Tá ag éirí go maith leis an ngrúpa ó thaobh foghlaim na ndindiúirí ar fad atá ag baint le reachtáil Comhar Creidmheasa. Táthar ag súil le

chiumhais na coille craobhaí nó ar bhrúach an easa. Cuirfidh ceiliúr ón bhfúiseog ag ardú ins na spéartha di na Flaithis i gcúimhne dom agus beidh an t-aoibhneas siorraí agus síocháin Mhic Dé ag lonnú i m'anam agus dá choigilt san áras niamhrach úd thuas atá buanmharthanach.

An tAthair Máirtín Ó Loideáin O.C.D.

craobh nua a bheith cláraithe go hoifigiúil go luath ach ar ndóigh braitheann sé seo go hiomlán ar thacaíocht agus comhoibriú an phobail go léir. De réir a chéile beidh an chraobh nua ag tosnú ag bailiú airgid isteach chun ciste a bheith ann le iarrataisí ar iasachtaí a shásamh amach anseo.

Beidh an chraobh nua seo daonlathach go huile agus go hiomlán agus faoi stiúir na mbaill. Beidh furmhór na hoibre ar bhonn deonach agus is ar an gcaoi seo gur féidir na rátaí úis ar iasachtaí a choinneáil go réasúnta íseal.

Is féidir leat iarratas a dheánamh ar bhallraíocht sa gComhar Chreidmheasa má tá tú os cionn 16 bliana d'aois. Cosnaíonn lán-bhallraíocht £1 agus ní mór duit scair a cheannacht sa gComhar Creidmheasa ar £1 eile.

Ar ndóigh bheadh súil freisin go mbeadh gach ball gníomhach ar bhealaí eile agus cuid de na bealaí is fearr le é sin a dhéanamh ná, tré airgead a choigilt go rialta, agus páirt a ghlacadh in imeachtaí na craoibhe.

Faoi an am seo arís tá súil againn go mbeidh an Comhar Creidmheasa áitiúil i mbarr a réime agus ag tógáil an tseanfhocail, "Níl neart gan cur le chéile" mar cheacht, éireoidh go maith linn.

Club Óige Lurgan

Príomh-imeachtaí 1985/86:

- Craobh Leadóg Bhoird an Chomhchoiste.
- Forbairt an Údaráis — dara háit.
- Scoraíocht — Craobh Chonamara.
- Scoraíocht san Oireachtas — Craobh na hÉireann
- Cur amach páipéar míosúil.
- Glanadh na Reilige.
- Eagrú Lá Spóirt don Scoil Náisiúnta.
- Tionól Ógras i mBaile Átha Cliath.
- Suirbhé ar staid na Gaeilge sa pharóiste.
- Páirteach ar chlár raidió *Poparama*.
- Páirteach ar dhá chlár ar Raidió na Gaeltachta.
- Leathchraobh Dhíospóireachtaí an Oireachtais '86.
- Suirbhé faoi chláracha Gaeilge ar an teilifís.
- Bailiú ainmneacha na ngarrantaí.
- Craobh Phúl Chonamara.
- Tráth na gCeist Raidió na Gaeltachta.
- Cabhrú leis an Díolachán Earraí.
- Trí phríomhdhuais i gComórtas chumtha amhrán an Údaráis.

Is féidir le muintir an pharóiste seo bheith fíormhórtasach as an slua breá daoine óga atá páirteach i gClub Óige Lurgan. Aon duine a thiocfadh isteach sa chlub Aoine ar bith, d'fheicfidís an bealach éifeachtach ina n-eagraíonn na daoine óga féin, baill an choiste agus eile, na cluichí éagsúla ag tús na hoíche, na córais a oibríonn siad i gcaoi is go mbeidh cothrom na Féinne le fáil ag gach ball, óg is aosta, sna himeachtaí éagsúla agus an bealach ina gcuidíonn chuile dhuine nuair atá na boird agus an trealamh le stóráil agus an halla le glanadh ag deireadh na hoíche.

Coinníonn ball den choiste rolla gach oíche agus bailítear 20p ó gach ball. Tugann an t-airgead seo deis don choiste íoc as an ghnáth-chaitheas reachtála.

Tharla an coiste bheith luaite is cóir a rá go raibh coiste sár-mhaith ag an gclub arís sa mbliain 1985/86 agus gur oibrigh siad go dian agus go héifeachtach. D'éirigh leo go leor duaiseanna a bhaint amach chomh maith. Ní hé go bhfuiltear ag tabhairt le tuiscint go bhfuil sé an-riachtanach bheith ag gnóthachtáil i gcónaí ach go bhfuil sé an-

tábhachtach bheith páirteach; is cuid d'fhorbairt an duine óige bheith páirteach i gcluichí, i scoraíochtaí, i ndíospóireachtaí, i bpleanáil, i scríbhneoireacht agus níl aon amhras ach go dtugann comórtas an-spreagadh chun iarracht bhreise a dhéanamh. Ach, le fírinne, nach maith linn uilig gnóthachtáil agus cén dochar an fhad is go bhfuilimid sásta glacadh le breith an mholtóra, fiú nuair a théann sé inár gcoinne.

Nach deas bheith in ann a thuairisciú go bhfuair an club an chéad áit in Oireachtas 1986 lena scoraíocht "Seanchas na Sceithe".

Bhí an moltóir an-tógtha leis, go háirithe le haisteoireacht, ceoltóireacht, fonnadóireacht agus le héifeacht na foirne. Ba bheag gné den taispeántas a luaigh sé gan focail mar "ar fheabhas" agus "thar barr" a cheangal ledis. Is iad a bhí páirteach sa scoraíocht: Brian Ó Donnchadha mar Raifterí an File, Gormla Ní Thuairisc mar an Sceach, Dara Ó Baoill mar Oisín, Seán Ó Coistealbha mar Phádraig Naofa, Gearóidí Ní Chonghaile mar aithriseoir, Cóilín Ó Scolaí mar ghuth Raifterí, Rónán Ó hEidhin mar Phádraig Mac Piarais, Mairéad Ní Thuathail agus Christine Ní Chonchubhair ag damhsa, Mícheál Ó Fátharta mar cheoltóir, Conal Ó Murchú mar fhear grinn agus Aoife agus Ríonach Ní Scolaí, Caroline Ní Thuairisc agus Pádraigín Ní Phuirséil mar chantóirí.

Ach tá an Club Óige ann do chuile dhuine óg agus déantar gach iarracht deiseanna forbartha agus foghlama a chur ar fáil do chuile dhuine a bhfuil suim aige nó aici ann, bíodh siad páirteach i gcomórtais nó ná bíodh. Tá deis peil faoi dhíon a imirt; tá dhá bhord púl againn, ceithre bhord leadóige, *swing-ball*, peil bhoird, ficheall, táipéis, agus ar ndóigh cócaireacht, ár siopa agus ealaín.

Roghnaíonn na baill coiste chuile bhliain agus is iadsan a riarann an club. Is iad seo a bhí ar an gcoiste don bhliain 85/86: Cathaoirleach: Dara Ó Baoill, Rúnaí: Seán Ó Coistealbha, Cisteoir: Maria Ní Fhátharta, agus Aoife Ní Scolaí, Christine Ní Chonchubhair, Caitlín Ní Chualáin,

Conall Ó Murchú, Máire Ní Phuirséil, Cóilín Ó Scolaí, Ríonach Ní Scolaí, Máire Ní Thuathail agus Micheál Ó Fátharta.

Tá ceannairí sinsearach ann le tacaíocht a thabhairt: Ruairí Ó Tuairisc, Betí Uí Bhaoill, Rós Uí Dhonnchadha, Siobhán Uí Chonghaile agus Brian Ó Baoill. Bíonn ceathrar den chúigear sin ann chuile oíche Aoine agus bíonn duine amháin nó duine eile acu in éineacht le grúpa ar bith ón gclub nuair a bhíonn siad ag taisteal.

Ba mhaith leis an gcoiste a chur in iúl go gcuirfí míle fáilte roimh thuismitheoirí oíche Aoine ar bith dá mba mhian leo cuairt a thabhairt ar an gclub i gColáiste Lurgan agus bheadh an-fháilte roimh chúnamh uathu. Tá an coiste fíor-bhuíoch

do Phól Ó Foighil as úsáid an Choláiste a chur ar fáil dóibh.

Níor mhiste a lua go bhfuil cúpla riail ag an gclub agus bheadh an coiste an-bhuíoch do thuismitheoirí a thabharfadh tacaíocht do na rialacha sin. Ní cheadaítear caitheamh tobac ná alcól agus cothaítear néatacht agus glaineacht. Cothaítear dea-chaint agus dea-bhéasa agus cothrom na Féinne do chuile dhuine. Is í an Ghaeilge teanga an Chlub, ar ndóigh.

Tá súil ag na ceannairí fásta go mbeidh dea-chuimhní den tréimhse a chaitheann sé nó sí sa Chlub ag chuile ógánach, agus go gcabhróidh an méid a dhéanann siad ann leo sa saol mór nuair a thagann an t-am chuige.

Bíodh do rogha agat as

CEIRNÍNÍ GAEL-LINN

BRUACH NA BEIRTRÍ

Seán Mac Donnchadha agus Máirtín Ó Cualáin.

Ocht gcinn d'amhráin ar an sean nós ón bhfonnadóir a ghnóthaigh 'Corn an Riadaigh' in Oireachtas '85. Ceithre dréachta ceoil ó Mháirtín Ó Cualáin, ceoltóir bosca.

CEF/CEFC 117

OMÓS DO JOE COOLEY

Frankie Gavin & Paul Brock le Charlie Lennon.

"Omós curtha in iúl ar bhealach ar leith".

Ciarán Mac Mathúna.

CEF/CEFC 115

MNÁ NA hÉIREANN

Macalla

Ceolfhoireann ildánach ban a sheineann réimse uirlísí agus a bhfuil sár amhránaithe ina measc.

"... tá muid i gcomhluadar daoine ar ábhar lucháire dóibh ceol a chasadh."

Bill Meek, Irish Times.

CEF/CEFC 110

DEORA AN DEORAÍ

Charlie Lennon le Síle Ní Fhlaithearta, Frankie Gavin agus Liam Ó Floinn.

Togha ceirnín a thaispeánann gur cumadóir

maith le hais a bheith ina shárcheoltóir tradisiúnta é Charlie Lennon.

CEF/CEFC 112

I gCNOC NA GRAÍ

Noel Hill & Tony MacMahon.

"Ceirnín críochnúil den scoth ..."

Peadar Ó Riada

CEF/CEFC 114

SIN MAR A BHÍONN

Na Firéin

Racghrúpa cumasach ag canadh a gcuid amhrán féin.

"Fíoramhráin a léiríonn fiormhothúcháin ... níl aon chur i gcéil ag baint leo."

Donall Lunny

CEF/CEFC 116

Catalóg iomlán ó:

GAEL-LINN,

26, Cearnóg Mhuirfean,

Baile Átha Cliath 2.

Tel: (01) 767283.

Mo Shaol san Afraic Theas

Le dhá bhliain anuas bhí mé ag déanamh obair dheonach i Durban san Afraic Theas mar bhall den eagrais *Viatores Christi*. Cuireann an t-eagrais seo oiliúint ar fáil do dhaoine gur mian leo oibriú mar mhisinéirí tuata i measc daoine bochta.

Bhí mé ag obair i ndílleachtlan do ghasúir den chine daite. Ba mhná rialta den Ord Naomh Aibhistín a bhí ag breathú i ndiaidh na ngasúr seo agus bhí timpeall céad buachaill faoina gcúram ó aois a ceathair go bliain is fiche. Chomh maith le dílleachtaí bíonn buachaillí ann a fhaigheann drochíde sa mbaile nó nach bhfuil a gcuid tuismitheoirí in ann an aire cheart a thabhairt dóibh. Tá formhór a gcuid tuismitheoirí scartha ó chéile agus ní minic aithne acu ar a gcuid aithreacha.

Tá an dílleachtlan roinnte suas i rannóga beaga. Bhí mise i gceannas gasúir idir a deich agus a ceithre bliana déag d'aois. Sén chaoi a raibh mé ag cabhrú leo le cur ar a gcumas a dhul i dtaithí ar an saol i dtimpeallacht dhifriúil. Bhí mé mar chúntóir oideachais acu freisin — bhínn ag cuidiú leo nuair a bhídís ag plé le hobair bhaile. Ní foláir cúnaimh breise a thabhairt do ghasúir lagintinneacha nó gasúir nach bhfuil ró-chliste.

Thosaínn ag obair ag a 6.00 a chlog ar maidin agus chríochnaínn ag a 7.00 a chlog sa tráthnóna nó ag a 9.00 a chlog féin ach bhí cúpla uair a chloig saor agam i rith an lae an fhad is a bhí na buachaillí ar scoil. Cé nach raibh an obair an-dian, mar sin féin níor mhór neart foighne agus cineáltas a bheith ag duine ann. Bíonn saol an-chorrach ag na buachaillí sula gcuirtear faoi choimirce na mban rialta iad, agus dá bharr sin teastaíonn a lán aire, grá agus tuisceana uathu.

Fuair mé seans freisin Teagasc Críostaí a mhúineadh do scoláirí na hArdscóile sa pharóiste, á réiteach le dul faoi lámh easpaig. Tá spiorad iontach sa bparóiste. Tá an pobal an-chairdiúil agus glacann siad páirt an-mhór in imeachtaí an pharóiste. Sí Afrikaans teanga oifigiúil na tíre ach labhraítear Béarla go forleathan.

Tá daonra thart ar 30 milliún san Afraic Theas. Is daoine den chine dubh 25 mhilliún acusan agus is

daoine bána, daite agus Indiaigh an 5 mhilliún eile. Bíonn ar na ciníocha éagsúla maireachtáil ina gceantair féin. Is meascán de chiníocha éagsúla iad an cine daite. Bhí cónaí ormsa i gceantar an chine seo agus ní raibh aon doicheall acu romham riamh. Is daoine cairdiúla, mórchroíocha, foighdeacha, spóirtiúla iad agus ar bhealaigh tá an-mheas acu ar an duine geal. Fulaingíonn siad go leor cruatain, áfach, de thoradh dífhostaíochta, droch-thithíochta, bochtanaís agus galair.

Tá go leor treibheanna san Afraic Theas. Sí an treibh Zulu an treibh is treise i réigiún Natal. Tá siad ar fheabhas ag canadh agus ag damhsa agus tá an-cháil ar an obair a dhéanann siad le clocha ornáideacha. Is iondúil go mbíonn níos mó ná bean chéile amháin ag na fir. Maireann siad i dtithe beaga cruinne le hurláir déanta de mheascáin aoileach bó agus créafóige. Tá na tithe beaga seo tógtha i mullach a chéile agus is minic nach mbíonn córas leictreachais nó uisce iontu. Tugtar *townships* ar na háiteanna ar imeall na gcathracha ina mbíonn siad lonnaithe. Tá córas maireachtála na Zulu níos boichte ná córas aon chine eile sa tír. Saothraíonn a bhformhór a mbeatha ar an obair is suaraí amuigh, m.sh., oibríonn siad mar shearbhóntaí, garraíodóirí, glantóirí sráide agus rí. Is minic a d'fheicfeá na mná ar an tsráid ag iompar ualaí móra ar a gcloigeann agus ag an am céanna bheadh páiste ceangailte ar a ndroim. Chuir mé an-iontas anseo nuair a chuaigh mé amach ar dtús — ní fheicfeá riamh an t-ualach ag titim orthu.

Tá 13% den talamh ag na daoine dubha ach sé an chuid is measa den talamh é. Mar gheall ar an bpolasaí aistrithe pobal atá ag an Rialtas ansin is minic a dhíshealbhaítear na daoine dubha óna gcuid teallaigh agus a athshocraítear iad in áiteanna eile i bhfad ó bhaile.

Is aeráid teochreasa is mó atá sa tír, bíonn an aimsir go breá an chuid is mó den bhliain agus ní bhíonn ach timpeall is mí amháin báistí acu.

Tá Durban cois farraige agus is ionad saoire an-cháiliúil é. Is mór an áilleacht na tránna breátha atá ann ach, faraor, tá go leor acu curtha in áirithe do na daoine geala amháin. Is iomaí uair a fógraíodh orm féin agus ar mo chomhghleacaithe na buachaillí a bhí faoinár gcúram a thógáil amach as an uisce agus muid ar cheann de na tránna